
# Bileog 6.1 (C): Cloig Éagsúla



# Bileog 6.2 (A): Céard a dhéanann tú gach lá?




Éirím ag ceathrú chun a seacht.

Ithim bricfeasta ag a seacht a chlog.

Téim ag obair ag leathuair tar éis a seacht.

Tosaím ag obair ag leathuair tar éis a hocht.

Ólaim cupán tae nó caifé ag a haon déag.

Bíonn lón agam ag leathuair tar éis a dó dhéag.

Oibrím go dtí a cúig a chlog.

Déanaim an tsiopadóireacht tar éis a cúig.

Casaim le cairde sa tráthnóna.

Tagaim abhaile ag leathuair tar éis a seacht.

Ithim mo dhinnéar ag a hocht a chlog.

Téim a luí ag meánoíche.

# Bileog 6.2 (B): Gnáthlaethanta

***Éist le ceithre mhír éagsúla ina ndéanann daoine éagsúla cur síos ar na rudaí a dhéanann siad. Líon na bearnaí sna habairtí thíos.***

**Lisa:**

1. Éiríonn Lisa ag __________.

2. Oibríonn sí san oifig ó __________ go dtí 4.30.

3. Téann sí go dtí ________________ le cairde go minic tráthnóna.

********************

**Éamonn:**

1. Ólann Éamonn caifé go minic timpeall __________.

2. Tagann sé abhaile ag __________

3. ________________ ag a 9.00.

********************

**Ciarán agus Eoin:**

1. Itheann Ciarán lón in __________ in aice leis an stáisiún.

2. Téann Eoin ar ais ag obair ag __________.

********************

**Frank:**

1. Déanann Sorcha an tsiopadóireacht ag ___________ .

2. __________ sí ___________ ag 11.00.

3. Déanann sí ______________________timpeall a 3.00.

********************

© OÉ Má Nuad

## Bileog 6.3 (C): Dhá Shaol

***Léigh na ceisteanna. Anois, éist leis an dlúthdhiosca agus ansin líon an tábla thíos.***

| | ***Ríona*** | ***Tomás*** |
|---|---|---|
| 1. Cén t-am a éiríonn sé/sí? | | |
| 2. An itheann sé/sí bricfeasta? | | |
| 3. Cad a dhéanann sé/sí ag am lóin? | | |
| 4. Cén t-am a thagann sé/sí abhaile? | | |
| 5. Cad a dhéanann sé/sí san oíche? | | |
| 6. Cad a dhéanann sé/sí ag an deireadh seachtaine? | | |


## Bileog 6.3 (C): Dhá Shaol

***Léigh na ceisteanna. Anois, éist leis an dlúthdhiosca agus ansin líon an tábla thíos.***

| | ***Ríona*** | ***Tomás*** |
|---|---|---|
| 1. Cén t-am a éiríonn sé/sí? | | |
| 2. An itheann sé/sí bricfeasta? | | |
| 3. Cad a dhéanann sé/sí ag am lóin? | | |
| 4. Cén t-am a thagann sé/sí abhaile? | | |
| 5. Cad a dhéanann sé/sí san oíche? | | |
| 6. Cad a dhéanann sé/sí ag an deireadh seachtaine? | | |


© OÉ Má Nuad

## Bileog 6.4 (C): Ceisteanna

***Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat. Ansin, cuirfidh an duine sin na ceisteanna ortsa.***

1. An éiríonn tú go luath ar maidin?
2. An itheann tú bricfeasta mór?
3. An dtéann tú go dtí an obair ar an traein?
4. An dtosaíonn tú ag obair ar a naoi a chlog?
5. An mbíonn lón agat le cairde go minic?
6. An dtagann tú abhaile ar a cúig a chlog?
7. An ndéanann tú an tsiopadóireacht Dé Sathairn?
8. An bhféachann tú ar an teilifís gach oíche?

## Bileog 6.4 (C): Ceisteanna

***Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat. Ansin, cuirfidh an duine sin na ceisteanna ortsa.***

1. An éiríonn tú go luath ar maidin?
2. An itheann tú bricfeasta mór?
3. An dtéann tú go dtí an obair ar an traein?
4. An dtosaíonn tú ag obair ar a naoi a chlog?
5. An mbíonn lón agat le cairde go minic?
6. An dtagann tú abhaile ar a cúig a chlog?
7. An ndéanann tú an tsiopadóireacht Dé Sathairn?
8. An bhféachann tú ar an teilifís gach oíche?

© OÉ Má Nuad

## Bileog 6.4 (D): Micheál ag caint

***Éist le Micheál ag caint. An bhfuil na ráitis thíos Fíor nó Bréagach?***

1. Is as Baile Átha Cliath Micheál. Fíor O Bréagach O
2. Ní itheann sé bricfeasta. Fíor O Bréagach O
3. Tosaíonn sé ag obair ar a naoi a chlog. Fíor O Bréagach O
4. Ólann sé caifé ar a 10.30 gach lá. Fíor O Bréagach O
5. Oibríonn sé go dtí a cúig. Fíor O Bréagach O
6. Uaireanta, téann sé ag snámh. Fíor O Bréagach O
7. Téann sé a luí idir 10.30 agus 11.00 Fíor O Bréagach O
8. Dé hAoine, téann sé go dtí an teach tábhairne. Fíor O Bréagach O
9. Maidin Dé Sathairn, déanann sé an tsiopadóireacht. Fíor O Bréagach O
10. Itheann sé lón le cairde gach Dé Sathairn. Fíor O Bréagach O

© OÉ Má Nuad

## Bileog 6.4 (D): Micheál ag caint

***Éist le Micheál ag caint. An bhfuil na ráitis thíos Fíor nó Bréagach?***

1. Is as Baile Átha Cliath Micheál. Fíor O Bréagach O
2. Ní itheann sé bricfeasta. Fíor O Bréagach O
3. Tosaíonn sé ag obair ar a naoi a chlog. Fíor O Bréagach O
4. Ólann sé caifé ar a 10.30 gach lá. Fíor O Bréagach O
5. Oibríonn sé go dtí a cúig. Fíor O Bréagach O
6. Uaireanta, téann sé ag snámh. Fíor O Bréagach O
7. Téann sé a luí idir 10.30 agus 11.00 Fíor O Bréagach O
8. Dé hAoine, téann sé go dtí an teach tábhairne. Fíor O Bréagach O
9. Maidin Dé Sathairn, déanann sé an tsiopadóireacht. Fíor O Bréagach O
10. Itheann sé lón le cairde gach Dé Sathairn. Fíor O Bréagach O

# Bileog 6.4 (E): Saol laethúil Mharia

*Léigh an sliocht seo thíos agus ansin léigh na ráitis. Cuir tic le A, B nó C i ngach cás.*

**Saol Mharia in Éirinn**

Is mise Maria. Is Spáinneach mé ach tá mé i mo chónaí in Éirinn le cúpla bliain. Tá mé ag obair i mbialann i mBaile Átha Cliath. Is breá liom an tír seo agus na hÉireannaigh ach tá an saol laethúil an-difriúil. Is as sráidbhaile beag faoin tuath mé. Tá Baile Átha Cliath an-mhór agus an-ghnóthach. San áit a raibh cónaí ormsa éiríonn na Spáinnigh timpeall a hocht a chlog agus tosaíonn siad ag obair idir a naoi agus leath i ndiaidh naoi. I mBaile Átha Cliath, éirím ar leath i ndiaidh a 6 ar maidin. Téim isteach sa chathair ar an traein agus tosaím ag obair sa bhialann ar a hocht a chlog. Ólaim cupán caifé go tapa agus déanaim an bricfeasta do na custaiméirí. Ní bhíonn mo bhricfeasta agam féin go dtí leath i ndiaidh a deich.

Tosaím ag obair arís ar haon déag agus oibrím go dtí leath i ndiaidh a dó. Ithim mo lón sa bhialann agus ansin téim amach ag siúl nó ag féachaint ar na siopaí nó bíonn cupán caifé agam le cara. Tosaím ag obair ansin ar a ceathair agus oibrím go dtí a hocht a chlog.

Má bhím tuirseach, téim díreach abhaile agus féachaim ar an teilifís nó léim leabhar. Go minic, casaim le mo chairde sa chathair agus téimid chuig scannán. Anois is arís, téimid go dtí an teach tábhairne agus éistimid le grúpa ceoil ag seinm. Is breá liom ceol traidisiúnta - éistim leis ar an raidió go minic agus téim chuig seisiúin sa teach tábhairne in aice le mo theach. Sa samhradh, téim ag siúl cois farraige agus uaireanta ag snámh. Bím saor de ghnáth Dé Domhnaigh agus Dé Luain. Is aoibhinn liom na laethanta sin!

1. Ní itheann sí bricfeasta.
   A Fíor ☐ B Bréagach ☐ C Ní deirtear ☐

2. Ólann sí caifé san oifig ar a 9 a chlog.
   A Fíor ☐ B Bréagach ☐ C Ní deirtear ☐

3. Má bhíonn sí tuirseach, téann sí abhaile agus téann sí a luí.
   A Fíor ☐ B Bréagach ☐ C Ní deirtear ☐

4. Go minic, téann sí chuig scannán le cairde.
   A Fíor ☐ B Bréagach ☐ C Ní deirtear ☐

5. Ní maith léi ceol traidisiúnta.
   A Fíor ☐ B Bréagach ☐ C Ní deirtear ☐

6. Sa samhradh, téann sí abhaile go dtí an Spáinn.
   A Fíor ☐ B Bréagach ☐ C Ní deirtear ☐

7. Bíonn sí saor ón obair dhá lá gach seachtain.
   A Fíor ☐ B Bréagach ☐ C Ní deirtear ☐

© OÉ Má Nuad

# Bileog 6.4 (F): Seachtain Orla

***Cuid a hAon***

**Dé Luain**

**1.**




**2.**



**3.**


**4.**


**Déardaoin**

**1.**



**2.**


**3.**


**4.**



**Dé Sathairn**

**1.**



**2.**


**3.**


**4.**


# Bileog 6.4 (F): Seachtain Orla

***Cuid a Dó***

***Cad a dhéanann Orla?***

***Dé Luain***
6.00 r.n. ..........................................................................
8.00 r.n. ..........................................................................
12.15 r.n. ..........................................................................
9.00 i.n. ..........................................................................

***Déardaoin***
8.30 r.n. ..........................................................................
1.00 i.n. ..........................................................................
7.00 i.n. ..........................................................................
11.00 i.n. ..........................................................................

***Dé Sathairn***
10.30 r.n ..........................................................................
11.00 r.n..........................................................................
5.00 i.n..........................................................................
8.00 i.n..........................................................................

....................................✂....................................

# Bileog 6.4 (F): Seachtain Orla

***Cuid a Dó***

***Cad a dhéanann Orla?***

***Dé Luain***
6.00 r.n. ..........................................................................
8.00 r.n. ..........................................................................
12.15 r.n. ..........................................................................
9.00 i.n. ..........................................................................

***Déardaoin***
8.30 r.n. ..........................................................................
1.00 i.n. ..........................................................................
7.00 i.n. ..........................................................................
11.00 i.n. ..........................................................................

***Dé Sathairn***
10.30 r.n ..........................................................................
11.00 r.n..........................................................................
5.00 i.n..........................................................................
8.00 i.n..........................................................................

© OÉ Má Nuad

© OÉ Má Nuad